



Suí iomlánach

A9-0129/2024

18.3.2024

TUARASCÁIL

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis
Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022
(2023/2151(DEC))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Petri Sarvamaa

CLÁR

Leathanach

1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
2. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
3. TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	7
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR	13
TUAIRIM ÓN GCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA.....	14
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	19
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	20

1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022 (2023/2151(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022,
- ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí¹,
- ag féachaint don ráiteas dearbhaithe² i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 22 Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Údarás i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),
- ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012³, agus go háirithe Airteagal 70 de,
- ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia⁴, agus go háirithe Airteagal 44 de,
- ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵,

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

² IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

³ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

⁴ IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

⁵ IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

agus go háirithe Airteagal 105 de,

- ag féachaint do Rial 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0129/2024),
1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis don bhliain airgeadais 2022;
 2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;
 3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

2. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le dúnadh chuntais an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022
(2023/2151(DEC))**

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022,
- ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí¹,
- ag féachaint don ráiteas dearbhaithe² i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 22 Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Údarás i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),
- ag féachaint d’Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012³, agus go háirithe Airteagal 70 de,
- ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia⁴, agus go háirithe Airteagal 44 de,
- ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵,

¹ IO C, C/2023/594, 27.10.2023.

² IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

³ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

⁴ IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

⁵ IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

agus go háirithe Airteagal 105 de,

- ag féachaint do Rial 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0129/2024),
1. ag formheas dhúnadh chuntais an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022;
 2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

3. TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ina bhfuil barúlacha atá i gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022 (2023/2151(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022,
 - ag féachaint do Rial 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0129/2024),
- A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais¹, gurbh é a bhí i mbuiséad críochnaitheach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') don bhliain airgeadais 2022, EUR 149 841 816,93, ar méadú 15,99 % é i gcomparáid le 2021; de bhrí gur as buiséad an Aontais den chuid is mó a thagann buiséad an Údaráis;
- B. de bhrí go luaitear sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis don bhliain airgeadais 2022 ('an tuarascáil ón gCúirt') go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla an Údaráis iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;
- C. de bhrí, maidir le hearnáil soláthair an Údaráis, nár tuairiscíodh aon saincheistean na n-éilítear gníomhaíochtaí ceartaitheacha le haghaidh 2022, ná nach bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha leanúnacha ná gan réiteach ann ó iniúchtaí agus measúnuithe na mblianta roimhe sin;
- D. de bhrí, maidir le córais rialaithe inmheánaigh an Údaráis, nár tuairiscíodh aon saincheistean na n-éilítear gníomhaíochtaí ceartaitheacha le haghaidh 2022, ná nach bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha leanúnacha ná gníomhaíochtaí ceartaitheacha gan réiteach ann ó iniúchtaí agus measúnuithe na mblianta roimhe sin;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gur mór aici gurbh é an toradh a bhí ar na hiarrachtaí ar fhaireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2022 ná go ndearnadh 99,95 % den leithreasú faoi chomhair gealltanais a chur chun feidhme ar an mbuiséad don bhliain reatha, arb ionann é agus laghdú beag 0,04 % i gcomparáid le 2021; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh ráta forghníomhaithe 89,77 % ann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair iocaíochtaí don bhliain reatha, a léiríonn méadú 0,92 % i gcomparáid le 2021;

¹ IO C 178, 29.4.2022, lch. 1.

2. ag tabhairt dá haire go mbíonn moill ann maidir le formheas a dhéanamh ar shubstaintí gníomhacha a mbaineann riosca íseal leo agus le modheolaíochtaí measúnaithe a thabhairt cothrom le dáta de réir forbairtí eolaíocha mar thoradh ar easpa acmhainní agus post d'údarais rialála táirgí cosanta plandaí, rud a laghdódh tionchar na dtáirgí cosanta plandaí ar an gcomhshaol san fhadtéarma; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus poist leordhóthanacha ag an Údarás chun tacú leis na Ballstáit a spriocdhátaí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chomhlíonadh, chun líon na measúnuithe ar shubstaintí gníomhacha le haghaidh táirgí cosanta plandaí in aghaidh na bliana a dhúbailt agus chun luas forbartha modheolaíochtaí a mhéadú faoi thrí chun go mbeadh measúnuithe riosca i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha is déanaí agus le hionchais na sochaí;

Feidhmíocht

3. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannchuidiú an Údarais le sábháilteacht shlabhra bia agus beatha an Aontais, agus a iarrachtaí suntasacha i dtaobh comhairle chuimsitheach, neamhspleách agus chothrom le dáta maidir le ceisteanna atá nasctha leis an slabhra bia a sholáthar do bhainisteoirí riosca, faisnéis a chur in iúl go soiléir don phobal maidir lena aschur agus an eolas ar a bhfuil siad bunaithe, agus i dtaobh comhoibriú le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe institiúideacha chun comhleanúnachas agus iontaoibh sa chóras sábháilteachta bia a chur chun cinn;
4. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil creat feidhmíochta comhtháite curtha chun feidhme ag an Údarás lena nasctar acmhainní agus gníomhaíochtaí le haschuir agus leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, arna gcomhlánú le tacar eochairtháscairí feidhmíochta (KPIanna) chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun í a spreagadh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur shroich an fheidhmíocht i gcoinne na spriocanna a leagtar amach sa Chreat Feidhmíochta ráta foriomlán 96 %; ag tabhairt faoi deara gur léiríodh dea-fheidhmíocht ar an iomlán i réimsí Chuspóirí Straitéiseacha 2 (Ullmhacht a áirithiú le haghaidh riachtanais anailíse riosca amach anseo) agus Chuspóir Straitéiseach 3 (Daoine a chumhachtú agus solúbthacht eagraíochtúil a áirithiú), ach gur imíodh ón sprioc i réimse Chuspóir Straitéiseach 1 ('Comhairle Eolaíoch Iontaofa a chur ar fáil agus Rioscaí ón bhFeirm go dtí an Forc a chur in iúl'), a raibh tionchar mór ag cur chun feidhme rialacha agus nósanna imeachta nua faoi Rialachán (AE) 2019/1381² orthu;
5. á thabhairt chun suntais go bhfuil 586 cheist eolaíocha tugtha chun críche ag an Údarás as na 701 cheist spriocdhírithé maidir le Cuspóir 1: 'Comhairle Eolaíoch Iontaofa a chur ar fáil agus Rioscaí ón bhFeirm go dtí an Forc a chur in iúl'; ag tabhairt dá haire, in ainneoin go raibh líon na gceisteanna eolaíocha dúnta níos ísle ná mar a tuaradh, gurbh ionann é, tríd is tríd, na ceisteanna nua a fuarthas le linn na bliana, agus ar an gcaoi sin á áirithiú nár tháinig méadú ar stoc na gceisteanna oscailte;
6. á chur in iúl gur geal léi go raibh torthaí an-dearfacha i réimse cumarsáide na dtorthaí, agus tráthúlacht an fhoilsithe ar Iris an Údarais á coinneáil ar bun an fheidhmíochta

² Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

dhearfach a baineadh amach le dhá bhliain anuas;

7. ag tabhairt dá haire gurb í 2022 an chéad bhliain de chur chun feidhme Straitéis 2027, a ceapadh mar fhorbairt ar Straitéis 2020, agus ar Straitéis í atá dírithe ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1381 (sa ghearrthéarma) agus lena n-ullmhaítear an tÚdarás chun aghaidh a thabhairt ar bheartais nua AE atá ag teacht chun cinn (san fhadtéarma);
8. á chur in iúl gur geal léi gur eagraigh an tÚdarás an Chomhdháil ‘ONE - Health, Environment, Society’ i mí an Mheithimh 2022, inar leagadh béim ar an nasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil agus as a n-eascraíonn ‘One Health One Environment’;
9. ag tabhairt dá haire go bhfuil feachtas maidir le Fiabhras Afracach na Muc seolta ag an Údarás i gcomhpháirtíocht le 18 mBallstát; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur rannchuidigh an tÚdarás le Straitéis Ceimiceán an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme;
10. ag tabhairt dá haire, de réir an tSuirbhé Straitéise Bhliantúil a sheol an tÚdarás inar iarradh aiseolas óna chustaiméirí, óna chomhpháirtithe agus óna gheallsealbhóirí atá bainteach go díreach nó go hindíreach le tuairimí eolaíocha an Údaráis a sholáthar, go dtugtar aird i gcónaí ar chumas an Údaráis a chomhairle a sholáthar go tráthúil;

Éifeachtúlacht agus gnóthachain

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás ag comhoibriú leis an Údarás Eorpach Ceimiceán, i gcomhthéacs Straitéis Ceimiceán nua an Aontais, agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú chun córais a fhorbairt chun seicheamhú géanóim a bhailiú agus a anailísiú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil acmhainní daonna agus acmhainní taighde comhroinnte ag an Údarás le Comhghníomhaireachtaí agus leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde; ag cur béim bhreise ar na tairbhí cothrománacha a bhaineann le bheith ag obair le chéile agus le dea-chleachtais a oiriúnú;
12. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh an tÚdarás a iarrachtaí in 2022 maidir le cur chun feidhme próiseas nua agus uirlisí TF a chomhdhlúthú, iarracht a dhéanamh ardleibhéal éifeachtúlachta a bhaint amach agus sineirgí le gníomhaireachtaí eile a uasmhéadú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár díriodh go dtí deireadh 2023 ar chuid de thorthaí an Údaráis maidir le héifeachtúlacht agus gnóthachain in uirlisí TF a glacadh in 2020-2022;
13. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an Údarás bainistiú comhpháirteach sonraí a neartú leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí eile chun cáilíocht agus idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú (i gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin);

Beartas foirne

14. ag tabhairt dá haire, ar an 31 Nollaig 2022, go raibh 95,55 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme agus go raibh ceapacháin déanta i gcás 5 oifigeach agus 382 ghníomhaire shealadacha as 405 phost arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 380 post údaraithe in 2021); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur

oibrigh 170 gníomhaire ar conradh agus 14 shaineolaí náisiúnta ar iasacht don Údarás in 2022; ag tabhairt dá haire, thairis sin, chun Rialachán (AE) 2019/1381 a chur chun feidhme, gur deonaíodh 31 phost foirne nua don Údarás in 2022, agus 15 ghníomhaire bhreise ar conradh (CAnna) don tréimhse 2022-2024;

15. ag tabhairt dá haire gur baineadh cothromaíocht inscne amach laistigh d'fhoireann fhoriomlán an Údaráis in 2022, agus gur mná iad 335 as 557 (60.1 %) agus laistigh de bhord bainistíochta an Údaráis gur mná 37 as 70 (52.9 %) díobh; ag tabhairt faoi deara, i bpoist shinsearacha agus bhainistíochta, go bhfuil sciar níos airde post ag fir (63 %) i gcomparáid le mná (37 %); á iarraidh ar an Údarás dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an bhearna inscne a dhúnadh i bpoist shinsearacha agus bhainistíochta;
16. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an tSeirbhís Liachta trí chás traochta in 2022; ag cur béim ar a ríthábhachtaí atá sé cothromaíocht a choinneáil idir freagrachtaí gairmiúla agus an saol pearsanta; á iarraidh ar an Údarás leanúint de chothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a chur chun cinn i measc na foirne;
17. ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás tiomanta do luachanna Líonra Gníomhaireachtaí AE agus na Cairte um Éagsúlacht agus Cuimsiú agus go bhfuil sé i mbun oibre lena nglacadh a luaithe is féidir; ag cur sonrú, thairis sin, i rannpháirtíocht an Údaráis i Meitheal Líonra Gníomhaireachtaí AE um Éagsúlacht agus Cuimsiú lena roinntear sineirgí, faisnéis agus acmhainní maidir le héagsúlacht agus cuimsiú; ina theannta sin, cuireadh roinnt tionscnaimh inmheánacha chun feidhme, amhail suíomh gréasáin gairme nua agus físeán faoi bheith ag obair san Údarás, le hábhar speisialta maidir le héagsúlacht agus cuimsiú;
18. ag tabhairt dá haire gur ghlac an tÚdarás na Treoirínte maidir le Cabhair do Dhaoine faoi Mhíchumas a Chur Chun Feidhme lena gcuirtear beartas sóisialta agus cóir chomhionann san ionad oibre chun cinn; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur dearadh foirgneamh an Údaráis i gcomhréir le Rialacháin Inrochtaineachta na hIodáile do dhaoine faoi mhíchumas;
19. ag tabhairt dá haire go ndearnadh struchtúr eagraíochtúil nua arna cheapadh chun tacú le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1381 agus uailmhianta Straitéis 2027 an Údaráis a chur chun feidhme amhail ón 1 Eanáir 2022;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

20. ag tabhairt dá haire gur shínigh bord bainistíochta agus bainistíocht oibríochtúil an Údaráis Dearbhú maidir le Coinbhleachtaí Leasa agus go bhfuil sé foilsithe agus le fáil ar an suíomh gréasáin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh CVanna chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an bhoird bainistíochta le foilsiú faoi dheireadh 2023;
21. ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás seacht gcoinbhleacht leasa ar leibhéal na ndearbhuithe bliantúla leasa a shainaithint agus a bhainistiú in 2022, a raibh baint acu le saineolaithe seachtracha; ag tabhairt dá haire gur chuir an tÚdarás cosc orthu páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht eolaíoch;
22. ag aithint go bhfuil cód iompair deonach i bhfeidhm ag an Údarás ar dá réir a chuireann comhaltaí an bhoird bainistíochta d'oibleagáid orthu féin gníomhaíochtaí gairme arna ndéanamh laistigh de thréimhse 2 bhliain tar éis dheireadh a sainordaithe a chur in iúl

don Údarás;

23. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an Údarás nós imeachta caighdeánach nua um iarfhostaíocht a ghlacadh faoin gcéad ráithe de 2024, lena n-áireofaí na critéir agus an nós imeachta chun deireadh a chur le rochtain ar fhaisnéis rúnda a bheith ag baill foirne a fhágann an tseirbhís, ceanglais faireacháin agus cur chun feidhme, agus caighdeáin trédhearcachta;
24. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis frithchalaoise i bhfeidhm ag an Údarás, a forbraíodh i ndlúthchomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, agus go bhfuil rialacha cur chun feidhme gaolmhara agus plan gníomhaíochta ag gabháil léi chun calaois agus éilliú a chosc;

Barúlacha eile

25. á thabhairt faoi deara gur eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) i mí an Mheithimh 2022 an tuarascáil iniúchóireachta maidir le slándáil faisnéise agus athshlánú ó thubaiste, agus é mar chuspóir léi measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht dhearadh agus chur chun feidhme an rialachais, agus gur shainaithin sí dhá bharúil agus trí bharúil thábhachtacha maidir le Rialachas Slándála TF; ag tabhairt dá haire gur ghlac an tÚdarás leis na moltaí ó IAS agus go bhfuil plan gníomhaíochta á chur chun feidhme aige faoi láthair;
26. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Údaráis a infheictheacht phoiblí agus a láithreacht ar líne a mhéadú tríd an bhfeachtas ‘#EUChooseSafeFood’ a sheoladh don dara bliain, arna sheachadadh i gcomhpháirtíocht le húdaráis inniúla na mBallstát, arb é is aidhm leis an eolaíocht atá taobh thiar de shábháilteacht bia san Aontas a mhíniú ar bhealach inrochtana, agus trí eagrú na Comhdhála ‘ONE - Health, Environment, Society’ i gcomhpháirtíocht leis na ceithre ghníomhaireacht eile ENVI, as ar eascair seoladh chainéal comhpháirteach Instagram dar teideal ‘One Health One Environment’; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna an tÚdarás infheistíocht chun a shuíomh gréasáin a dhéanamh ilteangach, le hintleacht shaorga trí ghiuirléid *eTranslation* an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur lean an tÚdarás in 2022 d’infheistíocht a dhéanamh chun a thairseach ‘OpenEFSA’ a fhorbairt, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2019/1381;
27. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an tÚdarás ar cheann de ghníomhaireachtaí deimhnithe EMAS le blianta beaga anuas; ag tabhairt dá haire, ag brath ar an gcineál ceannacháin, go gcuireann an tÚdarás caighdeáin ‘Soláthar Poiblí Glas (SPG)’ i bhfeidhm mar cheanglais íosta maidir le sonraíocht tairisceana i gcritéir roghnúcháin agus/nó i gcritéir dhámhachtana;

o

o o

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an ...³ ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

³ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0000.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don bhliain airgeadais 2022 (2023/2151(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Pascal Canfin

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannchuidiú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('EFSA') le sábháilteacht shlabhra bia agus beatha an Aontais, agus a iarrachtaí suntasacha i dtaobh comhairle eolaíoch chuimsitheach, neamhspleách agus cothrom le dáta maidir le ceisteanna atá nasctha leis an slabhra bia a sholáthar do bhainisteoirí riosca, faisnéis a chur in iúl go soiléir don phobal maidir lena aschuir agus leis an eolas ar a bhfuil siad bunaithe, agus i dtaobh comhoibriú le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe institiúideacha chun comhleanúnachas agus iontaoibh sa chóras sábháilteachta bia a chur chun cinn;
2. á thabhairt dá haire gurbh é buiséad críochnaitheach EFSA do 2022 EUR 149,76 milliún, a léiríonn méadú 16 % i gcomparáid le 2021; á thabhairt dá haire gurbh é a bhí mar thoradh ar iarrachtaí maidir le faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn 2022 ná ráta cur chun feidhme de 100 % do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus 90 % do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;
3. á thabhairt dá haire gurbh í 2022 an chéad bhliain de chur chun feidhme Straitéis 2027, lenar díriodh ar chur chun feidhme an Rialacháin Trédhearcachta sa ghearrthearma agus ar aghaidh a thabhairt ar bheartais AE nua atá ag teacht chun cinn, amhail an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', san fhadtearma; á thabhairt dá haire gur spreag cur chun feidhme an Rialacháin Trédhearcachta infheistíocht shuntasach i dtéarmaí athruithe eagraíochtúla, lena n-áirítear próisis nua a fhorbairt, athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh eagraíochtúil EFSA agus a chumais teicneolaíochta agus bainistithe faisnéise a ghíaráil;
4. á thabhairt chun suntais gur thug an tÚdarás 586 cheist chun críche in 2022 trí thuairimí eolaíocha, trí thuairiscí teicniúla agus trí fhoilseacháin tacaíochta, arbh ionann sin agus 118 gceist níos lú ná an líon ceisteanna a tugadh chun críche in 2021 agus 115 cheist níos lú ná an plean tosaigh de 701 cheist;

5. á thabhairt dá haire, de réir an tSuirbhé Straitéise Bhliantúil a sheol EFSA inar iarradh aiseolas óna chustaiméirí, óna chomhpháirtithe agus óna gheallsealbhóirí atá bainteach go díreach nó go hindíreach le seachadadh tuairimí eolaíocha EFSA, go dtugtar aird i gcónaí ar chumas EFSA a chomhairle a sholáthar go tráthúil;
6. á chur in iúl gur saoth léi an mhoill fhada ar na measúnuithe sábháilteachta ar mhilseoirí a bhí le cur i gcrích in 2020 agus neamh-inrochtaineacht doiciméad agus próiseas don lucht féachana seachtrach leasmhar¹; á thabhairt chun suntais an fhianaise nua agus ábhartha maidir le héifeachtaí diúltacha na haspairtéime ar an tsláinte ó thuairim EFSA 2013 i leith, go háirithe aicmiú aspairtéime (E961) mar charcanaigin fhéideartha daonna de ghrúpa 2B ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC); á iarraidh, dá bhrí sin, ar EFSA athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht na haspairtéime faoin 31 Nollaig 2024;
7. á thabhairt dá haire gur tugadh 31 phost foirne nua do EFSA ar mhaithe le cur chun feidhme an Rialacháin nua Trédhearcachta chomh maith le 15 CA breise, rud a fhágann gur ann d'acmhainneacht iomlán arb ionann í agus 572 phost d'fhoireann reachtúil; á thabhairt dá haire go raibh 571 cheann as na 587 bpost a bhí ar fáil (lena n-áirítear oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht) líonta an 31 Nollaig 2022;
8. ag tabhairt dá haire go mbíonn moill ann maidir le formheas a dhéanamh ar shubstaintí gníomhacha a mbaineann riosca íseal leo agus le modheolaíochtaí measúnaithe a thabhairt cothrom le dáta de réir forbairtí eolaíocha mar thoradh ar easpa acmhainní agus post d'údaráis rialála táirgí cosanta plandaí, rud a laghdódh tionchar na dtáirgí cosanta plandaí ar an gcomhshaol san fhadtéarma; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus poist leordhóthanacha ag EFSA chun tacú leis na Ballstáit a spriocdhátaí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chomhlíonadh, chun líon na measúnuithe ar shubstaintí gníomhacha le haghaidh táirgí cosanta plandaí in aghaidh na bliana a dhúbailt agus chun luas forbartha modheolaíochtaí a mhéadú faoi thrí chun go gcoinneodh measúnuithe riosca cos leis na forbairtí eolaíocha is déanaí agus le hionchais na sochaí;
9. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag EFSA bainistiú comhpháirteach sonraí a neartú leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí eile chun cáilíocht agus idir-inoibritheacht sonraí a fheabhsú (i gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin);
10. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil bearta déanta ag EFSA, i gcomhar le ECHA, chun an prionsabal 'substaint amháin — measúnú amháin' a chur chun cinn chun comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú i measúnú guaise agus riosca ar shubstaintí gníomhacha;
11. á mholadh, bunaithe ar na fíricí atá ar fáil, go dtabharfar urscaoileadh do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis don bhliain airgeadais 2022 má thugtar gealltanais ó thaobh beartas neamhspleáchais de agus coinbhleachtaí leasa a bhainistiú.

¹ <https://www.efsa.europa.eu/en/consultations/call/call-technical-data-sweeteners-authorized-food-additives-eu>

IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Cathaoirleach ina cháil mar Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú aige:

Eintiteas agus/nó duine
An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Chathaoirligh ina cháil mar Rapóirtéir.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	24.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 67 -: 8 0: 6
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Catherine Amalric, Maria Arena, Hildegard Bentele, Sergio Berlatto, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzi, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Pietro Fiocchi, Hélène Fritzson, Malte Gallée, Gianna Gancia, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Peter Liese, Javi López, César Luena, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Lydie Massard, Liudas Mažylis, Marina Measure, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Nikos Papandreou, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjård, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraiki, Edina Tóth, Achille Variati, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Emma Wiesner, Michal Wiezik
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asger Christensen, Christophe Clergeau, Margarita de la Pisa Carrión, Martin Häusling, Billy Kelleher, Ska Keller, Danilo Oscar Lancini, Sara Matthieu, Dace Melbārde, Marlene Mortler, Manuela Ripa, Idoia Villanueva Ruiz
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katarina Barley, Daniel Buda, Ana Collado Jiménez, Marie Dauchy, Matthias Ecke, Paola Ghidoni, Peter Jahr, Nora Mebarek, Sara Skyttedal, Michaela Šojdrová, Veronika Vrecionová, Thomas Waitz

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

67	+
ECR	Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini, Alexandr Vondra, Veronika Vrecionová
NI	Maria Angela Danzi, Edina Tóth
PPE	Hildegard Bentele, Daniel Buda, Nathalie Colin-Oesterlé, Ana Collado Jiménez, Christian Doleschal, Peter Jahr, Esther de Lange, Peter Liese, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dace Melbārde, Dolors Montserrat, Marlene Mortler, Ljudmila Novak, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjård, Sara Skyttedal, Michaela Šojdrová, Maria Spyrali
Renew	Catherine Amalric, Pascal Canfin, Asger Christensen, Martin Hojsik, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Billy Kelleher, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Emma Wiesner, Michal Wieszik
S&D	Maria Arena, Katarina Barley, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Matthias Ecke, Hélène Fritzon, Javi López, César Luena, Nora Mebarek, Alessandra Moretti, Nikos Papandreu, Günther Sidl, Achille Variati, Petar Vitanov
The Left	Marina Mesure
Verts/ALE	Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Martin Häusling, Ska Keller, Lydie Massard, Sara Matthieu, Ville Niinistö, Manuela Ripa, Thomas Waitz

8	-
ECR	Teuvo Hakkarainen
ID	Marie Dauchy, Catherine Griset
NI	Ivan Vilibor Sinčić
The Left	Anja Hazekamp, Silvia Modig, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace

6	0
ECR	Margarita de la Pisa Carrión
ID	Gianna Gancia, Paola Ghidoni, Danilo Oscar Lancini, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

Dáta an ghlactha	4.3.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 19 – : 4 0 : 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Dominique Bilde, Gilles Boyer, Olivier Chastel, Caterina Chinnici, Ilana Cicurel, Carlos Coelho, Daniel Freund, Isabel García Muñoz, Monika Hohlmeier, Joachim Kuhs, Markus Pieper, Petri Sarvamaa, François Thiollet
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katalin Cseh, Bas Eickhout, Hannes Heide, Marian-Jean Marinescu, Sabrina Pignedoli, Wolfram Pirchner
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Malin Björk, Michael Gahler, César Luena, Miguel Urbán Crespo

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

19	+
NI	Sabrina Pignedoli
PPE	Caterina Chinnici, Carlos Coelho, Michael Gahler, Monika Hohlmeier, Marian-Jean Marinescu, Markus Pieper, Wolfram Pirchner, Petri Sarvamaa
Renew	Gilles Boyer, Olivier Chastel, Ilana Cicurel, Katalin Cseh
S&D	Isabel García Muñoz, Hannes Heide, César Luena
Verts/ALE	Bas Eickhout, Daniel Freund, François Thiollet

4	-
ID	Dominique Bilde, Joachim Kuhs
The Left	Malin Björk, Miguel Urbán Crespo

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh